An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN RÁITEAS STRAITÉISE 2022

Léargas neamhspleách do chách



Clár an Ábhair

1. Focal ón Aire **4**

2. Réamhrá an Ard-Stiúrthóra **5**

3. Na Cuspóirí Straitéise **6**

4. Aguisín 1: Bearta d'fhonn Ídiú Fuinnimh a Mhaolú **23**

5. Aguisín 2: Cairt Eagrúcháin **24**

6. Aguisín 3: Monatóireacht Tráthúlachta 2021 **25**

7. Aguisín 4: Tuairisc ar Ghnáis Íocaíochta **36**

8. Aguisín 5: Nochtadh Cosanta **37**

9. Aguisín 6: Meitheal Dualgais na hEarnála Poiblí **38**

Focal ón Aire

Táim iontach sásta fáilte a chur roimh thuarascáil bhliantúil 2022 maidir le Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2020-2023.

Mar Aire Stáit i Roinn an Taoisigh le freagracht as an bPríomh-Oifig Staidrimh, tuigim go rímhaith an ról ríthábhachtach atá ag staidreamh ar ardchaighdeán ó thaobh cabhrú le daoine agus le lucht déanta beartais tuiscint a fháil ar na hathruithe atá ag tarlú i ngeilleagar agus i sochaí na hÉireann. Ní raibh sé chomh tábhachtach riamh cheana nuair a thógtar san áireamh luas géaraithe an athraithe atá ag dul i méid de shíor atá á fheiceáil againn.

Ó dhearcadh rialachais agus pleanála náisiúnta, tosaíonn beartais mhaithe amach le sonraí maithe agus is sonraí maithe atá mar bhonn taca le cinnteoireacht eolach agus cuí. Is sócmhainn náisiúnta atá i gceist le sonraí agus tá sealúchas leathan sonraí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí mar chuid d'éiceachóras sonraí na hÉireann. Is é ról na Príomh- Oifige Staidrimh ciall a bhaint as na sonraí seo, staidreamh atá ar ardchaighdeán agus léargas agus faisnéis neamhspleách a sholáthar ar mhaithe le díospóireacht agus cinnteoireacht éifeachtach ar fud an Rialtais, gnólachtaí agus na sochaí.

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh Clár Oibre Staidrimh a bhí thar a bheith éagsúil ar fáil ar feadh na bliana 2022, a thug léargas agus a chuir fianaise ar fáil ar fud réimse leathan ábhar.

D'fhoilsigh an oifig príomhthráscairí geilleagracha agus rinneadh forlíonadh orthu seo uaireanta le tuarascálacha breise le léargas níos fearr a sholáthar sa chás gur measadh a leithéid a bheith úsáideach. Is mian liom an **Boilsciú Measta de réir Saintréithe Teaghlaigh** a thabhairt ar aird, go háirithe, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2022, arbh ionann é agus an chéad cheann de shraith tuarascálacha ar cuireadh fáilte rompu le himscrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí difreálacha a bhí ag praghsanna a bhí ag athrú ar chineálacha líonta tí aonair.

Bhí an Daonáireamh ar siúl i mí Aibreán 2022. Is togra ollmhór a bhí i gceist leis seo don Phríomh-Oifig Staidrimh, lena raibh gá le breis is 5,000 áiritheoir a fhostú chun 2.2 milliún líon tí a chur faoi agallamh agus sonraí a bhailiú atá mar bhonn taca le beartais in go leor réimsí. Cuireadh tús le sonraí an Daonáirimh a phróiseáil sa bhliain 2022 agus foilsíodh réamhfhigiúirí daonra i mí an Mheithimh, inar taispeánadh an daonra is mó riamh ón mbliain 1841 anall.

Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh faoi raon suirbhéanna nua i mbliana freisin a bhaineann le beartas, lena n-áirítear, suirbhéanna maidir le Fás Aníos in Éirinn (GUI) agus Sábháilteacht an Duine (SVS). Tugadh faoi raon leathan tionscnaimh nua eile freisin, lena n-áirítear, Mol Eolais Folláine.

Is sampla den scoth atá sa Mhol seo, a rinneadh a fhorbairt faoi Chreat Folláine na hÉireann, de chomhoibriú agus de chomhairliúchán ar fud na státseirbhíse níos leithne, a chuireann sonraí agus léargas ar fáil maidir leis an saol in Éirinn ó thaobh raon leathan ábhar, ó oideachas, go sláinte go hobair agus go leor gnéithe eile den saol in Éirinn. Cuireadh fáilte freisin roimh fhoilsiú na chéad Tuarascála ar an mBearna Pá Inscne de chuid na Príomh- Oifige Staidrimh, a foilsíodh i mí na Nollag 2022.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann na Príomh-Oifige Staidrimh, lena n-áirítear, a réimse fórsa agus na mílte áiritheoir, as an gcion, a ndíograis agus a dtiomantas d'obair na Príomh-Oifige Staidrimh. Leanfaidh torthaí a gcuid gníomhaíochtaí le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartais rialtais sna blianta atá romhainn i réimsí tábhachtacha ar nós sláinte phoiblí, folláine, athrú aeráide agus an geilleagar, gan ach beagán a lua.

Léirítear gairmiúlacht agus teacht aniar fhoireann na Príomh-Oifige Staidrimh sa tuarascáil agus gabhaim buíochas ó chroí leo as a gcuid oibre.

Hildegarde Naughton

HILDEGARDE NAUGHTON
Príomh-Aoire an Rialtais agus
Aire Stáit i Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Táim thar a bheith sásta agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an gcéim dheiridh dár straitéis reatha ina gclúdaítear na blianta 2020-2023, go bhfuil sé ar chumas an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an eagraíocht ó thaobh ár n-aidhmeanna straitéiseacha a sholáthar. Nuair a d'fhoilsíomar an Ráiteas Straitéise do 2020-2023 i dtús báire bhí an tír sna luathchéimeanna de phaindéim COVID- 19 agus sa dá thuarascáil bhliantúil deiridh díríodh aird ar an méid atá idir lámha againn chun tacú le freagra na hÉireann i leith na straitéise, ag cur léargas agus an fhianaise a bhí riachtanach ar fáil chun an tionchar ar an ngeilleagar, ar ghnó agus ar an tsochaí a mheas chomh maith lenár gClár Oibre Staidrimh a sheachadadh. Díríodh sna tuarascálacha seo ar na nuálaíochtaí atá á ndéanamh againn freisin maidir leis an mbealach ina mbíonn sonraí á mbailiú, á bpróiseáil, á mbainistiú agus á scaipeadh againn i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag cur leis an úsáid atá á baint as sonraí riaracháin le bliantafada agus bhí ról tábhachtach ag na sonraí seo ó thaobh ár gcumas freastal ar éilimh nagcinnteoirí agus an phobail le linn na paindéime agus bhí na sonraí lárnach freisin ó thaobhléargas a sholáthar maidir le géarchéim na hÚcráine. Ní amháin go gcuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh fianaise agus léargas i dtoll a chéile ach soláthraítear níos mó deshraitheanna seirbhísí sonraí agus seirbhísí staidrimh don Státseirbhís agus don tSeirbhísPhoiblí (CPS) níos leithne, ag bogadh i dtreo ról traseagraíochta agus comhordaitheora faoishainordú an Achta Staidrimh (1993) agus an rialacháin Eorpaigh maidir le Staidreamharaon. Tacaítear leis an fhorbairt seo trí aibíocht éiceachóras sonraí na hÉireann atá faoithreallús ag forbairt sonraí riaracháin trí níos mó úsáide a bhaint as aitheantóirí uathúladuine, áit agus gnó.

Bhí agus tá ár mbunluachanna maidir le neamhspleáchas; iontaofacht; agus cloí le critéirrúndachta, Freastal ar an bPobal agus Foghlaim go Leanúnach mar bhonn taca leis an méidatá idir lámha againn. Tacaíonn na luachanna seo linn agus sinn ag dul in oiriúint agus agforbairt de réir mar atá dúshláin ag teacht chun cinn. Leanamar, le linn na bliana 2022, letáirgí agus léargas nua a chur ar fáil ar shochaí, ar thimpeallacht, agus ar gheilleagar nahÉireann; léargas atá cruinn, infhíoraithe agus neamhchlaonta.

Tá gné shuntasach idirnáisiúnta ann freisin i leith obair na Príomh-Oifige Staidrimh. Tháinig piarmheasúnú an Staidrimh Eorpaigh le gairid, a bhí ar siúl i mí Feabhra 2022, ar angconclúid go raibh Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh (ESCoP) á chomhlíonadh gohiomlán ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Thacaigh foireann saineolaithe idirnáisiúnta ar fud Chóras Staidrimh na hEorpa go hiomlán leis an treo soiléir atá á leagan síos d'fhorbairt na Príomh-Oifige Staidrimh amach anseo agus le forbairt leanúnach ár ról comhordaitheora ar fud an chórais. Ní laghdaíonn an tacaíocht seo maidir lenár gcuid oibre agus lenár dtreo straitéiseach, cé go bhfuil fáilte mhór roimhe, ár n-uaillmhian ó thaobh na heagraíochta.

Leanfaimid sa Phríomh-Oifig Staidrimh lenár ndícheall a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn daoine ag maireachtáil i sochaí fheasach in Éirinn. Tá ár bhfócas ar chomhoibriú, ar nuálaíocht agus ar mheas ar phrionsabail staidrimh.

Ní bheadh aon chuid de seo indéanta murach gairmiúlacht, intleachtacht agus obair chrua fhoireann na Príomh-Oifige Staidrimh. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an uile dhuine san eagraíocht as a n-iarrachtaí leanúnacha a bheith nuálach, fadhbanna a réiteach agus seachadadh a dhéanamh thar ceann mhuintir na hÉireann.

PADRAIG DALTON
Lúnasa 2023

Eolas agus Faisnéis do chách a dhéanamh de Shonraí agus de Staitisticí
Cuspóir Straitéiste 1
• Ár gclár oibre staidrimh leathan náisiúnta agus Eorpach a sheachadadh, lena n-áirítear, an Daonáireamh. • Níos mó ionchuir atá dírithe ar an saoránach a chur chun cinn agus úsáid á baint as uirlisí idirghníomhacha agus trí mhodhanna feabhsaithe maidir le scaipeadh agus le cumarsáid. • Cur le feasacht ar luachanna na Príomh-Oifige Staidrimh, lena n-áirítear, rúndacht, trédhearcacht agus neamhchlaontacht. • Raon, cáilíocht agus inrochtaineacht ár dtáirgí agus seirbhísí a chur chun cinn. • Gníomhú ar éilimh do tháirgí nua nó do sheirbhísí nua (lena n-áirítear, meastacháin fíor-ama sa chás gur ábhartha agus gur cuí) i gcomhairliúchán lenár n-úsáideoirí. • Éascú a dhéanamh ar úsáid micreashonraí chun críocha taighde. • Oibriú le comhpháirtithe chun táirgí staidrimh nua agus nuálacha agus foinsí taighde a fhorbairt chun léargas níos fearr a sholáthar maidir le téamaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear, iad siúd a tháinig chun cinn de bhun phaindéim COVID-19.

Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh lena clár oibre staidrimh a sheachadadh ar feadh na bliana 2022, ar dtús ó thimpeallacht oibre baile den chuid is mó ach a d'aistrigh chuig patrún freastail hibrideach le linn na bliana.

Ar an iomlán, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh 597 foilseachán/eisiúint ar fáil sa bhliain 2022. Is foilseacháin nua a bhí i gceist le 44 acu seo. Eisíodh 135 preasráiteas sa bhliain 2022. Cuireadh tarchur sonraí gaolmhara ar fáil do pháirtithe leasmhara freisin, ar nós Eurostat, an ECB, agus WHO.

Foilsíodh na heisiúintí nua seo a leanas ar mhaithe le tuilleadh faisnéise a chur ar fáil do shochaí, do ghnólachtaí agus do lucht déanta beartais na hÉireann:

- Boilsciú Measta de réir Saintréithe Líonta Tí
- Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí
- Modúil SILC ar Dhíothacht Leanaí
- Caiteachas Coimirce Sóisialaí
- Coigilteas Líonta Tí
- Cuairteanna Calaidh agus Úsáid á baint as Sonraí Loingseoireachta Fíor-ama
- Meastacháin Mhíosúla d'Fhostaithe Párolla agus úsáid á baint as Íocaíochtaí Sonraí Riaracháin
- Staidreamh Cánach na hÉireann
- Idirbhearta Digiteacha i nGeilleagar na hÉireann
- Miondíolacháin a Gineadh ar Líne
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide: Anailís Slabhra Breisluacha
- Ídiú Méadraithe Leictreachais
- Ídiú Méadraithe Leictreachais Ionaid Sonraí
- Limistéar Foraoisithe
- Onnmhairithe agus Allmhairithe Adhmaid agus Páipéar

- Táirgí Cosanta Plandaí
- Íocaíochtaí na Scéime Foraoiseachta
- Cuntais Éiceachórais – Aibhneacha agus Lochanna de réir Méide
- Ídiú Leictreachais Tráchtála de réir Rátáil Fuinnimh Foirgneamh
- Soghluaisteacht agus Iompar Inbhuanaithe
- Soghluaisteacht Paisinéirí agus Sábháilteacht ar Bhóithre
- Innéacs an Ualaigh Freagartha maidir le Suirbhé Líonta Tí
- Cothromaíocht Oibre is Saoil agus Pearsanta - Sástacht Poist agus Saoil agus Bacainní i leith Oibre
- Suirbhé Iontaobhais 2021: Comparáidí Idirnáisiúnta
- Caiteachas Líonta Tí ar Sheirbhísí Digiteacha
- Cúlra Tuillimh Promhóirí
- Suirbhé Pulse – Ár Saol Lasmuigh: Ag Caitheamh Am Lasmuigh
- Suirbhé Pulse – Ár Saol Lasmuigh: Cosaint na Timpeallachta
- Suirbhé Pulse – Ár Saol, Ár gcuid Airgid
- Ídiú Leictreachais de chuid Líonta Tí de réir Rátáil Fuinnimh Foirgneamh
- Treochtaí i mBillí Méadraithe Leictreachais agus Gáis
- Aistriú Saibhris ó Ghlúin go Glúin
- Teicneolaíocht Chliste
- Inbhuanaitheacht Gairis IT Pearsanta
- Gluaiseachtaí Ola Bhreosla

Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh cothabháil freisin nó rinne siad forbairt ar mhoil fhaisnéise ar an láithreán gréasáin a chlúdaigh, Folláine, Daoine Breacaosta agus caidreamh na hÉireann leis an Úcráin, áit ar féidir, nuair a bhíonn sé comhordaithe, ábhar tras-rannach a rochtain.

Tacaíochtaí do Dhídeanaithe ón Úcráin

I mí na Bealtaine, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an chéad eisiúint d'ocht gcinn d'eisiúintí ceannródaíocha, ar a dtugtar go dtí seo **"Teacht dídeanaithe ón Úcráin chun na hÉireann"** chun léargas a thabhairt ar fhreagra na hÉireann ar ghéarchéim dídeanaithe. Áiríodh anailís ar theacht dídeanaithe na hÚcráine a bhí ag baint leas as tacaíocht agus as seirbhísí ón Roinn Coimirce Sóisialaí sa chéad eisiúint.

Tháinig méadú ar na mionsonraí a bhí ar fáil sa tsraith le linn na bliana 2020 a chuir léargas ar fáil maidir leis an líon a bhí ar an rolla i mbunscoileanna agus i meánscoileanna faoi mhaoirseacht na Roinne Oideachais, sa líon ar an rolla sa bhreisoideachas a chuir SOLAS ar fáil agus beart trialach maidir le teacht dídeanaithe ón Úcráin a bhí fós gníomhach ó thaobh riaracháin de tar éis an 31 Lúnasa 2022, a chuimsigh ÍMAT (PMOD) agus sonraí na Roinne Coimirce Sóisialaí. Chomh maith leis sin, bhí bacainní i leith oibre, leibhéil fostaíochta agus oideachais roimhe seo agus reatha san áireamh freisin. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh forbairt ar léarscáileanna freisin a bhí bunaithe ar sheoladh oifig an phoist áitiúil a bhí in úsáid ag na dídeanaithe, chun líon na ndídeanaithe agus ráta na ndídeanaithe de réir Toghlimistéar áitiúil a léiriú agus a chomhaireamh.

Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh le leathnú a chur ar a raon aschur do shaoránaigh mar atá le feiceáil ón liosta thuas. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh i dteagmháil leis an lucht úsáide i

gcónaí trí chlár oideachais chun litearthacht staidrimh a spreagadh (comórtas póstaer John Hooper, forbairt acmhainní scoile ar an Daonáireamh), agus forbairt straitéisí meán sóisialta agus tabhairt isteach leagan amach nua maidir le heisiúintí d'aschuir staidrimh a chuireann níos mó béime ar insint agus ar chomhthéacs agus a leabaíonn tacaíochtaí cumarsáide ar nós grafaic faisnéise agus gearróg fuaime.

Bhí **Daonáireamh 2022**, an bailiúchán ba mhó sonraí riamh a thug leis sonraí gach líon tí sa Stát, ar siúl an 3 Aibreán 2020. Bhí seachadadh níos mó ná 1.9 milliún foirm daonáirimh i gceist leis seo a bhí á mbailiú ag réimse fórsa ar a raibh breis is 5,000 áiritheoir. Tugadh an deis d'fhreagróirí, den chéad uair riamh i nDaonáireamh 2022, taisceadán todhchaí a chur le chéile chun léargas a thabhairt do na glúnta atá le teacht maidir leis an saol in Éirinn sa bhliain 2022. Beidh an fhaisnéis seo ar fáil lena heisiúint sa bhliain 2122.

Foilsíodh Réamhthorthaí an Daonáirimh an 23 Meitheamh 2022, a rinne taifeadadh ar dhaonáireamh de 5.1 milliúin oíche an Daonáirimh, an daonra is airde ón mbliain 1841. Thaispeáin na réamhfhigiúirí stoc iomlán tithíochta freisin de 2,124,590 an 3 Aibreán, 2022, ardú 6% ar fhigiúirí na bliana 2016. Cuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh, ón 30 Bealtaine 2023, tús le sraith tuarascálacha téamacha a fhoilsiú.

Tá pleanáil ar siúl do Dhaonáireamh 2027 a thosaigh le próiseas comhairliúcháin poiblí i mí na Samhna 2022 agus a thabharfar chun críche i mí Eanáir 2023. Tugadh cuireadh do dhaoine ón bpobal, d'eagraíochtaí agus do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur faoi bhráid agus ceisteanna nua a mholadh nó foclaíocht eile a chuir ar cheisteanna Dhaonáirimh 2022.

Tá an Phríomh-Oifig Straidrimh i mbun oibre chun an chéad Daonáireamh digiteach a fhorbairt chun cur ar chumas saoránaigh an Daonáireamh a chomhlánú ar líne sa bhliain 2027.

Suirbhé ar Shábháilteacht an Duine

I mí Eanáir 2019, tháinig an Phríomh-Oifig Staidrimh ar chomhaontú maidir le hiarratas ón Aire Dlí is Cirt i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sheachadadh suirbhé náisiúnta suntasach nua maidir le foréigean gnéis in Éirinn. Bhí an Oibríocht Mhachaire don phríomhshuirbhé ar siúl ó Bhealtaine go Nollaig 2022 le bailiúchán ilmhódach ar siúl agus baineadh ráta freagartha de 4,500 amach, a bhí mar chomparáid fhabhrach le tíortha eile. Eisíodh an chéad fhoilseachán den suirbhé in Aibreán 2023.

Bailíodh mionsonraí pearsanta an-íogair ó líonta tí don suirbhé seo ar bhealach rúnda, eiticiúil agus a bhí deartha chun tacú le torthaí a bhí cruinn agus iontaofa. Bhí cosaint agus príobháideachas agus tacaíocht do riachtanais na líonta tí agus d'fhoireann na Príomh-Oifige Staidrimh mar thosaíocht. Bhí idirghníomhú páirtithe leasmhara mar phríomhchuid de na hullmhúcháin agus bhí sé tábhachtach cothabháil a dhéanamh ar chaidreamh láidir leis an bpobal páirtithe leasmhara (m.sh. ENRanna ar nós an Líonra Éigeandála um Éigniú, gníomhaireachtaí Rialtais agus an saol acadúil) do rathúlacht an tionscadail. Cuimsíodh suirbhé píolótach, a rinneadh idir Aibreán agus Meitheamh 2021, chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna oibríochta agus ar phríomhthorthaí i ndearadh an phríomhshuirbhé.

Praghasinnéacs Tomhaltóirí (IPT)

Tá an Praghasinnéacs Tomhaltóir (IPT) deartha le ráta an bhoilscithe bliantúil a thomhas (m.sh. an t-athrú sa mheánleibhéal praghsanna atá á n-íoc ag líonta tí ar earraí agus ar sheirbhísí tomhaltóirí) agus leanann cleachtas idirnáisiúnta atá bunaithe do phraghasinnéacs tomhaltóirí. Is ionann an IPT agus tomhas meánbhoilsciú, bunaithe ar mheánualaí caiteachais. Mar sin féin, tá a bpatrún tomhaltais uathúil féin ag gach líon tí agus dá bhrí sin, a dtaithí phearsanta féin ar bhoilsciú. Beidh boilsciú atá níos airde ná an meánráta CPI á

bhrath ag líonta tí a chaitheann céatadán níos airde den chaiteachas iomlán ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil a gcuid praghsanna ag ardú ag ráta níos airde ná an ráta boilscithe.
Chuir an ráta boilscithe atá ag ardú ó lár na bliana 2021 le spéis níos mó sa phraghas atá ag athrú agus an tionchar atá aige ar líonta tí. I dtús mhí an Mheithimh 2022, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuarascáil – **Boilsciú Measta de réir Saintréithe Líonta Tí Márta 2022** – rinneadh scrúdú sa chéad tuarascáil seo ar an tréimhse ó mhí na Nollag 2016 go Márta 2022. Foilsíodh nuashonruithe breise maidir leis an tuarascáil i míonna Iúil agus na Samhna 2022. Cuireann an anailís nua seo briseadh síos breise ar fáil a d'fhéadfadh a bheith ina dhíol spéise ó thaobh beartais de agus a d'fhéadfadh léargas breise a thabhairt dár n-úsáideoirí.

Tuairisciú maidir le COVID- 19

Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh le saineolas staidrimh agus anailíse a sholáthar chun tacú le forbairt beartais agus le seirbhísí sonraí nua chun tacú le freagairt an rialtais láir ar an bpaindéim agus ar ghéarchéim na ndídeanaithe ón Úcráin. Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh le haschuir nua a fhorbairt agus a sheachadadh chun freastal ar an ngá le léargas a thabhairt ar thionchar na paindéime. Áiríodh orthu seo:

- COVID-19 Dhá Bhliain níos Deireanaí
- Básmhaireacht a Thomhas ag úsáid Foinsí Sonraí Poiblí, 2019-2021
- Suirbhé Pulse: An Saol ar Líne: Cianfhoghlaim Samhain 2021
- Comharthaí Beochta Gnólachtaí 2: Maireachtáil Gnólachtaí
- Tionchar COVID-19 ar Iompar Taistil
- Básanna ó COVID-19 de réir Láthair agus Aoisghrúpaí
- Tionchar COVID-19 ar Ghnólachtaí agus ar an Margadh Saothair
- Suirbhé Pulse: An Saol ar Líne: Cianobair

Cur le húsáid foinsí sonraí tánaisteacha
Cuspóir Straitéiste 2
• Foinsí sonraí tánaisteacha nua a aithint, a fhiosrú agus cur lena n-úsáid, lena n-áirítear, foinsí sonraí riaracháin agus foinsí sonraí atá faoi úinéireacht phríobháideach, chun staidrimh oifigiúil a chur ar fáil. • Feabhas a chur ar cháilíocht foinsí sonraí riaracháin trí chaighdeáin, rialacha agus treoirlínte a fhorbairt chun rangú, stóráil agus bainistiú sonraí a chur i gcrích ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. • Scrúdú a dhéanamh ar dhúshláin agus ar dheiseanna i leith rochtain staidrimh ó thaobh foinsí sonraí atá faoi úinéireacht phríobháideach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun ionadaíocht a dhéanamh ar sheasamh na Príomh-Oifige Staidrimh sna fóraim ábhartha. • Ualach an Fhreagróra a íoslaghdú tríd an úsáid is éifeachtúla agus is féidir a bhaint as foinsí nua sonraí

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint le foinsí nua sonraí a fhiosrú agus a úsáid, mar shampla:

- Bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh chun tosaigh ó thaobh freagra sonraí de chun tacú le freagra ar fud an chórais i leith seasamh cosanta sealadach na hÚcráine in Éirinn agus tá an Phríomh-Oifig Staidrimh rannpháirteach le soláthróirí sonraí agus tá léiriú tugtha acu ar fud an chórais sin ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na Príomh-Oifige Staidrimh.

- Thug Fáilte Éireann, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (TCAGSM), agus i gcomhairle leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, tairiscint chun críche le gairid d'Oibritheoir Líonra Mhóibiligh (OLM) sonraí chun léargas ó thaobh na turasóireachta a sholáthar. Bainfear leas sa tionscadal cruthúnais coincheapa seo as tír chónaithe agus achar Saoire na ndaoine sin atá ag fágáil na tíre agus bunófar acmhainneacht maidir le sonraí fón póca lena n-úsáid i staitisticí oifigiúla turasóireachta.

- Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh i mbun oibre i láthair na huaire chun léargas nua maidir le hiompar agus le turasóireacht a fhorbairt le sonraí tráchta ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII). Tá na sonraí seo á dtiomsú ón TII chuig Mol Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh ar bhonn seachtainiúil. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal táscairí nua réigiúnacha agus náisiúnta a fhorbairt is féidir a fhoilsiú gar d'fhíor-am.

- D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuarascáil cheannródaíoch le gairid inar baineadh úsáid as sonraí trasfhreagróra loingseoireachta Córais Sainsonrúcháin Uathoibríoch (AIS) chun longa atá ag teacht isteach chuig calafoirt na hÉireann a aithint agus a chomhaireamh go cruinn. Baineadh úsáid as mórshonraí ó Thairseach Domhanda na Náisiún Aontaithe sa tionscadal seo le modheolaíocht nua a raibh forbairt déanta ag foireann na Príomh-Oifige Staidrimh air. Seachas staidreamh ó ghlaoch calaidh, osclaíonn na tionscadail seo suas an fhéidearthacht ó thaobh

tuilleadh léargais a fháil ar réimse na mbealaí trádála agus ar thionchar comhshaoil loingseoireachta.

- Tá forbairt á déanamh againn freisin i mbliana ar Mhodh Oibriúcháin Sonraí Tánaisteacha chun cur chuige comhaontaithe a fhorbairt i leith fáil, tiomsú agus próiseáil sonraí tánaisteacha.

Caighdeáin Sonraí
Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh, ar feadh na bliana 2022, le díriú go príomha ar fheabhsúcháin a dhéanamh ar cháilíocht sonraí trí chaighdeáin, rialacha agus treoirlínte a sholáthar maidir le conas rangú sonraí atá comhsheasmhach agus stuama a chur i bhfeidhm ar fud an rialtais. Baineann an ról Maoirseachta Sonraí atá againn le forbairt agus le feidhmiú córasach comhchaighdeáin sonraí.

Sonraí atá faoi Úinéireacht Phríobháideach
Is é seasamh idirnáisiúnta na Príomh-Oifige Staidrimh tionchar a fheidhmiú ar fhorbairtí leanúnacha ag leibhéal Choiste Chóras Staitisticí Eorpacha (ESSC) agus ag leibhéal na Comhdhála Staitisteoirí Eorpacha (CES) chun tacú le leasú Rialachán AE 223/2009 chun rochtain chuig Sonraí atá faoi Úinéireacht Phríobháideach a éascú ar mhaithe le feabhas a chur ar staidreamh oifigiúil.

An tUalach a Laghdú
Táthar ag leanúint leis an obair ar na hiarrachtaí leis an ualach ar fhreagróirí na Príomh-Oifige Staidrimh a laghdú. Leanadh leis an aistriú chuig bailiúchán leictreonach sonraí le suirbhéanna ag bogadh chuig eQ seachas a bheith bunaithe ar pháipéar. Tá tús curtha le hobair le tairseach a fhorbairt do réimsí suirbhé gnó.

Comhordú, maoirseacht agus dearbhú a dhéanamh maidir le cáilíocht staidrimh oifigiúil uile na hÉireann

Cuspóir Straitéiste 3:

- Ról na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt maidir le comhordú ar na táirgeoirí Staidreamh Oifigiúil in Éirinn i gcomhréir leis an Acht Staidrimh, 1993, agus le Rialachán 223/2009 an AE.
- Leanúint le rúndacht staidrimh a chinntiú.
- Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt i gcomhréir le Straitéis Staidrimh an Bhoird Náisiúnta Staidrimh, le Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hEorpa (ESCoP), le Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP) agus le Creat Bainistíochta Cáilíochta na Príomh-Oifige Staidrimh féin.
- Cur le Córas Staidrimh na hÉireann ar mhaithe le leathnú a dhéanamh ar Chlár na Staitisteoirí ar Iasacht ar fud na hEarnála Poiblí.
- Ag teacht leis an sainchúram faoin dlí, an scóip a ghabhann leis an ról maoirseachta maidir le sonraí in éiceachóras sonraí na hÉireann a shainmhíniú.
- Seasmhacht leanúnach na bpróiseas agus na gcóras staidrimh a chinntiú.

Ról Maoirseachta Sonraí

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2022 ó thaobh freastal ar ról comhordaithe na Príomh-Oifige Staidrimh ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí i ndáil le ról comhordaithe nó ról maoirseachta sonraí de réir an tsainordaithe san Acht Staidrimh, 1993. Bhí rannpháirtíocht leathan ag an bPríomh-Oifig Staidrimh leis an gcóras níos leithne i mbliana maidir leis an acmhainneacht feabhas a chur ar sholáthar fianaise chun tacú le forbairt agus meastóireacht beartais. Bhí fócas freisin ar fhorbairt na seirbhísí staidrimh atá riachtanach leis an gcuspóir seo a bhaint amach.

Seirbhísí Sonraí

- Táimid i mbun forbartha chun sraith seirbhísí sonraí agus staidrimh a sholáthar don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí (CPS) níos leithne, agus sa bhliain 2022 chuireamar le giaráil ar stoc sonraí riaracháin an stáit chun foinsí sonraí comhchodacha a fhorbairt chun tacaíocht bhreise a thabhairt do cháilíocht agus d'áisiúlacht ár gcuid oibre. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag athrú go ról comhordaithe traseagraíochta mar a leagtar amach sa Rialachán Eorpach 223/2009 agus in ailt 10 agus 31 den Acht Staidrimh, 1993.
- Seirbhís 'Seomra Sonraí' leathnaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil, atá ann le fada ach a bhfuil níos mó éileamh air anois i measc anailísithe na hearnála poiblí ar nós Sheirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES).
- Leanamar le saineolas agus tacaíocht staidrimh a sholáthar don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí trí chlár staitisteora tánaisteach.
- Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh lena cuid oibre ó thaobh sonraí agus staidrimh na seirbhíse poiblí a chur chun cinn trí chlár cuimsitheach iniúchóireachta staidrimh a leathadh amach.

- Tá '**Aonad Tacaíochta Eolaíochta agus Staidrimh Sonraí (DSSSU**)' nua bunaithe laistigh den Phríomh-Oifig Staidirmh, ag súil le hacmhainní solúbtha a sholáthar atá ábalta freagairt do chásanna géarchéime agus/nó freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha i Ranna atá níos lú nó i Ranna le hacmhainneacht anailíseach teoranta. Díreofar gníomhaíochtaí lárnacha ar réimsí forbartha tosaíochta beartais reatha, lena n-áirítear, riachtanais tithíochta, sláinte agus aeráide agus déanfar forbairt ar réimsí tosaíochta le himeacht ama ag tógáil dhearadh solúbtha an Aonaid san áireamh.

Rannpháirtíocht

Tá líon suntasach comhaltaí foirne ar ghráid maidir le Staitisteoir agus Staitisteoir Sinsearach ceaptha ar iasacht chuig Ranna agus Oifigí Difriúla.

- Tá dul chun cinn bainte amach ag próiseas deimhniúcháin Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann, atá á chomhordú ag an SSCU, agus tá comhlíonadh leis an ISSCoP bainte amach ag ceithre eagraíocht do tháirgí staidrimh inrochtana le linn na bliana 2022, (m.sh., an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE), an Roinn Oideachais (DoE) agus an Roinn Sláinte (DoH). Tá roinnt eagraíochtaí sa phróiseas deimhniúcháin agus tá trí eagraíocht sna céimeanna deiridh den mheasúnú deimhniúcháin.

- Táthar ag leanúint de chur leis an gcaidreamh idir an IGSS agus Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) agus tá forbairt bhreise á lorg de shíor. Tá an SSCU rannpháirteach i gcruinnithe Ghrúpa Comhairleach Inmheánach an IGEES agus cuireann comhshuíomh agus comhoibriú speisialtóirí staidrimh agus eacnamaíocha chun cinn. Le cabhair ó rannáin inmheánacha na Príomh-Oifige Staidrimh amhail Modheolaíocht agus Foghlaim agus Forbairt, tá líon tacaíochtaí á dtairiscint do chomhghleacaithe ó fhoireann an IGSS, ar nós rialú nochtadh staidrimh agus bainistiú cáilíochta. Téann an cineál seo tacaíochta agus comhoibrithe go mór chun leasa d'fhorbairt Chóras Staidrimh na hÉireann (ISS), ag soláthar cúnamh agus tacaíocht don IGEES.

Piarmheasúnú

Déanann foireann saineolaithe ó Oifigí Náisiúnta Staidrimh san Eoraip athbhreithniú rialta ar an bPríomh-Oifig Staidrimh, mar chomhalta den Chóras Staidrimh Eorpach, lena chinntiú go mbíonn an staidreamh go léir atá á gcur ar fáil ag freastal ar na caighdeáin riachtanacha agus go mbíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh ag comhlíonadh na bprionsabal go léir mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais Chóras Staidrimh na hEorpa (ES CoP).

Rinneadh iniúchóireacht ar an bPríomh-Oifig Staidrimh i mí Feabhra 2022 leis an gconclúid go raibh an Phríomh-Oifig Staidrimh ag comhlíonadh an ESCOP go hiomlán. Mhol an fhoireann athbhreithnithe gur ceart don Phríomh-Oifig Staidrimh an comhordú ar an gCóras Staidrimh a láidriú tuilleadh agus glacadh leis an ról mar Mhaoirseoir Sonraí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Cuireadh ár bPlean Gnímh, a bhí bunaithe ar na moltaí seo, faoi bhráid Eurostat i dtús mhí Feabhra 2023.

Cáilíocht Staidrimh

Leantar leis an mbéim mhór ar cháilíocht i gcónaí agus tá feidhmiú na ngníomhartha atá i Straitéis Cháilíochta na Príomh-Oifige Staidrimh 2020-2023 ag cloí le sceideal. Áirítear ar na príomhnithe insoláthartha sa bhliain 2022:

- Soláthar tacaíochta agus treorach maidir le rangúcháin agus le caighdeáin coitianta chun ról maoirseachta sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh a chur chun cinn (Freagra ar ghéarchéim na hÚcráine/ionchur sa straitéis sonraí Comhionannais).
- Beartas nua maidir le hEarráidí a chur i bhfeidhm
- Caighdeán tuairiscithe Cáilíochta nua (SIMS) a thabhairt isteach i Staitisticí Gnó.
- Treoir Cháilíochta nua a fhorbairt don chéim scaipthe maidir le táirgeadh staidrimh.
- Tuarascáil Bhliantúil maidir le Ráthaíocht don bhliain 2022 a thiomsú.

Ár bPróisis agus ár gCórais Staitistiúla a Nuachóiriú
Cuspóir Straitéiste 4
• Forbairtí cáilíochta (lena n-áirítear an QMF), atá bunaithe ar mhodheolaíocht daingean a chomhdhlúthú laistigh de shaolré táirgeadh staidrimh na Príomh-Oifige Staidrimh. • Teicneolaíocht agus modheolaíocht nua a úsáid chun feabhas a chur ar phróisis agus ar chórais staidrimh agus an fhaisnéis sin a chomhroinnt le táirgeoirí maidir le staidreamh oifigiúla eile. • Ailtireacht sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt chun samhail seirbhíse a chruthú ina ndéantar stóráil agus bainistíocht lárnach ar shonraí. • Acmhainní digiteacha bailiúcháin sonraí a fhorbairt. • Sonraí digiteacha agus cumarsáid faisnéise a fhorbairt a thugann an deis don lucht úsáide leas a bhaint go héasca as ár gcuid sonraí. • Deiseanna maidir le meaisínfhoghlaim agus le hintleacht shaorga a scrúdú le comhghleacaithe i measc an lucht staidrimh agus an lucht léinn. • Scileanna agus uirlisí geospásúla na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt.

Ailtireacht Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh

Tá nuachóiriú próisis staidrimh agus teicniúla ar mhaithe le slándáil agus cáilíocht na sonraí a chinntiú mar shraith oibre leanúnach ar fud na Príomh-Oifige Staidrimh. Sa bhliain 2022, tugadh an fhorbairt ar Mhol Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh chun críche. Tá an Mol Sonraí i gcroílár nuachóiriú ar ár mbonneagair agus ár modhanna ó thaobh tacaíocht a thabhairt lenár sonraí a dhéanamh níos áisiúla agus níos inrochtana. Tá sé mar phríomhchumasóir de Sheirbhís Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (seirbhís nua ó cheann ceann na hoifige go léir chun sonraí tánaisteacha a aimsiú, a thiomsú agus a chur ar fáil sa Phríomh-Oifig Staidrimh) trí ardán lárnach a chur ar bun maidir le stóráil agus bainistíocht lárnach ar shonraí nach féidir iad a aimsiú ach amháin trí chomhéadain atá daingean. Áiríodh ar dhul chun cinn sa bhliain 2022:

- Tús a chur le tiomsú uathoibríoch mórshonraí, sonraí riaracháin agus sonraí tánaisteacha eile.
- Tá comhaid micreashonraí taighdeora curtha leis an Mol Sonraí.
- Tá forbairt déanta ar iarratas nua chun rochtain lucht taighde a rialú, imithe chuig táirgeadh.
- Tá próisis agus nósanna imeachta nua rialachais bunaithe.
- Tá Tairseach Mol Sonraí, chun rochtain úsáideoirí a rialú, faoi fhorbairt.

Bailiú Sonraí Digiteacha

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint ar aghaidh le hacmhainneacht bailithe sonraí digiteacha a fhorbairt, mar shampla:

- Tá feabhas curtha ar ardáin bailithe sonraí digiteacha, ag cur le hacmhainneacht chun tabhairt faoi shuirbhéanna sóisialta agus gnó ar líne.
- Tá uasghrádú mór déanta ar an gcóras Blaise, a mbaintear úsáid as do shuirbhéanna sóisialta, a chuireann an acmhainneacht ar fáil sonraí suirbhé ar líne a bhailiú go díreach ón lucht freagartha chomh maith le mórfheabhsúcháin a

sholáthar d'agallóireacht aghaidh ar aghaidh traidisiúnta. Rinneadh éascú ar shé cinn de mhórshuirbhéanna tríd an tairseach nua sa bhliain 2022, agus tugadh faoi phéire acu sin agus úsáid á baint as acmhainneacht ar líne agus aghaidh ar aghaidh araon.

- Tá ardú leanúnach tagtha ar úsáid an Chórais eQ do shuirbhéanna gnó agus cuireadh fiche a dó suirbhé leis le linn na bliana 2022, a chiallaíonn gur féidir gach suirbhé a dhéanamh anois agus úsáid á baint as eQ.

Teicneolaíochtaí Nua

Leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh de ghlacadh le teicneolaíochtaí nua, mar shampla:

- Rinneadh forbairt ar Fheidhmchlár Léarscáilithe Idirghníomhach (IMA) nua chun deis a thabhairt d'úsáideoirí sonraí de réir láthair spéise a scrúdú. Is féidir le lucht úsáide sonraí a imscrúdú ag leibhéil dhifriúla gheografaíochta. (Daonáireamh Talmhaíochta agus an Daonáireamh).
- Rinneadh forbairt ar scáileán Príomhtháscaire Eacnamaíoch (KEI) nua. Is scáileán beo atá i gceist anseo a thugtar cothrom le dáta go huathoibríoch chomh luath agus a fhoilsítear sonraí nua ar PxStat.
- Tá úsáid á baint ag an bPríomh-Oifig Staidrimh as Córas Faisnéise Geografaí (GIS) chun éifeachtúlacht suirbhéanna líonta tí a fheabhsú, ar nós SILC, HBS, srl., a chiallaíonn go nglantar amach na suirbhéanna agus go ndéantar soláthar do leithdháileadh agallóra optamach.

Modheolaíochtaí Nua

Leanamar le modheolaíochtaí nua a úsáid agus le cuidiú le heagraíochtaí eile CPS an rud céanna a dhéanamh, mar shampla:

- Rinneamar imscrúdú ar úsáid sonraí Fhaire na Cruinne (EO) chun spriocanna SDG maidir le duilliúr sléibhe agus astaíochtaí solais a thomhas.
- Chuireamar comhairle ar an Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an modheolaíocht is fearr le húsáid don suirbhé nua Rochtain ar Cheartas atá á sheoladh acu, chomh maith le cúnamh a thabhairt dóibh leis na chéad chéimeanna eile dá suirbhé nua maidir le Dearcadh an Phobail.
- Táimid ag obair le hIonad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC) chun tairiscint a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) maidir le húsáid Fhaire na Cruinne (EO) do staidreamh.

Leanúint ag cur le hinniúlacht ár muintire.

Cuspóir Straitéiste 5

- Cultúr an chomhionannais, na hilghnéitheachta, na hionchuimsitheachta agus na hardfheidhmíochta a chur chun cinn agus Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh
- Nuálaíocht, rannpháirtíocht na foirne agus cultúr comhpháirteachais a spreagadh laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh.
- Tacú le forbairt phearsanta agus ghairmiúil.
- Forbairt a dhéanamh ar ghairmiúlacht staidrimh na hOifige agus na foirne tánaistí san ISS.
- Leanúint le tacaíochtaí corparáide a fhorbairt agus lena gcur ar bhonn gairmiúlachta chun freastal ar riachtanais athraitheacha an ghnó agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na heagraíochta, lena n-áirítear, ár lorg carbóin a mhaolú.
- Caidreamh a dhéanamh agus leas a bhaint as na líonraí idirnáisiúnta chun cur le hinniúlacht ár muintire agus na heagraíochta.
- Raon níos fairsinge uirlisí comhoibrithe a fhorbairt chun tacú leis an timpeallacht oibre cumaisc idir an oifig agus ionaid cianoibre.

Comhionannas, Ilghnéitheacht agus Ionchuimsitheacht

Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh dul chun cinn mór ó thaobh cultúr Comhionannais, Ilghnéitheachta agus Ionchuimsitheacha (ED&I) a chur chun cinn ar feadh na bliana.

- Tá Coiste Stiúrtha ED&I bunaithe a dhéanann maoirseacht ar an nGrúpa Oibre ED&I agus ar Ghrúpa Dualgais na hEarnála Poiblí. Déanann an Grúpa Oibre ED&I maoirseacht ar chúig ghrúpa líonraithe atá bunaithe sa Phríomh-Oifig Staidrimh: Cultúr, Tacaíochtaí Teaghlaigh, LADTA+, Néara-Éagsúlacht agus Míchumas.
- Cuireadh Oiliúint Ilghnéitheacht LADTA+ agus Grúpa Líonraithe LADTA+ ar fáil i mí Dheireadh Fómhair do chomhaltaí foirne inar clúdaíodh ábhair, lena n-áirítear:
  - A bheith eolach ar an téarmaíocht agus ar na sainmhínithe reatha maidir le LADTA+
  - Níos mó feasachta a léiriú maidir le saincheisteanna agus dúshláin atá i ndán don phobal LADTA+.
- Is grúpa líonraithe iad an Grúpa Líonraithe Míchumais a dhíríonn ar rannpháirtíocht le soláthróirí chun oiliúint a chur ar fáil maidir le feasacht ar mhíchumas i gcomhar leis an ngrúpa Néara-Éagsúlachta.
- D'eagraigh an Grúpa Líonraithe Tacaíochtaí Teaghlaigh beirt chainteoirí maidir le Fussy Eaters agus Managing Christmas Expectations. Chuir an grúpa seo feachtas faisnéise ar fáil do thuismitheoirí maidir le filleadh ar an scoil.
- Tá an Grúpa Líonraithe Cultúir ag leanúint le píosaí cultúir ar an gClár Feasacháin Inmheánach agus CSO Connect. Cabhraíonn na píosaí faisnéise seo le feasacht a chruthú maidir le cultúir dhifriúla go leor dár bhfostaithe sa Phríomh-Oifig Staidrimh.

Nuálaíocht

Bhí cur le hinniúlacht ár muintire agus leanúint leis an nuálaíocht agus leis an rannpháirtíocht a léiríodh le linn na paindéime a spreagadh mar fhócas sa bhliain 2022, go háirithe agus sinn ag bogadh chuig timpeallacht oibre cumaisc struchtúrtha. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh na nithe seo a leanas:

- I gcomhar leis an bhfoireann, forbairt ar Phlean Gnímh CSEES 2020 de bhun thorthaí an CSEES, a dhéanfaidh spreagadh ar níos mó rannpháirtíochta foirne ar fud na heagraíochta. Tá tús curtha le hobair ar sheachadadh na gníomhartha.
- Seoladh Gradaim, an Scéim Nua 2022 chun smaointe agus aighneachtaí nua a spreagadh chun breisluach a sholáthar, díriú ar thorthaí agus tá siad cruthaitheach faoi chúig (5) cinn de chatagóirí éagsúla:
  (1) Próisis agus Aschuir Gnó
  (2) Uirlisí agus Teicneolaíocht
  (3) Cultúr agus Teicneolaíocht
  (4) Níos faide ná an Phríomh-Oifig Staidrimh agus
  (5) Lúiríce.
  Tugtar na gradaim amach ag deireadh mhí na Nuálaíochta, sé sin mí na Samhna.
- Bunaíodh roinnt Grúpaí Oibre faoi cheannaireacht an Choiste Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta Foirne (SEIC), (comhpháirtíocht bainistíochta, foirne agus ceardchumainn) chun ceannaireacht agus treoir straitéiseach a sholáthar maidir le forbairt Folláine, Plean Gnímh an CSEES, Gradaim na Scéime Nua agus grúpaí oibre Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálaíochta.
- Thug an Coiste Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta Foirne (SEIC) isteach ról nua do Sheaimpíní freisin chun tacú le agus rannpháirtíocht agus nuálaíocht foirne a chur chun cinn san oifig.

